



# Suaitheadh Mothúchánach agus/nó Fadhbanna Iompraíochta

Seans go mbeidh na nithe seo i measc na dtréithe agus na n-iompraíochtaí a ghabhfaidh le suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompraíochta i ndaltaí: beidh siad ionsaitheach nó frithshóisialta; ní thabharfaidh siad aird ar aon rud; meallfaidh mionrudaí neamhthábhachtacha a n-aird go furasta agus déanfaidh siad rudaí gan smaoineamh orthu; beidh siad lag in idirghníomhaíochtaí sóisialta; go ginearálta ní bheidh siad ábalta déileáil le gnáthchúraimí laethúla; gabhfaidh smaoineamh amháin a n-intinn agus déanfaidh siad an rud céanna arís is arís; déanfaidh siad rudaí chun aird a tharraingt orthu féin, mar shampla, beidh siad diúltach in idirghníomhaíochtaí nó beidh drochdhearcadh acu i leith na hoibre, i leith piaraí nó i leith múinteoirí; agus beidh dúlagar (lions dubh) le feiceáil iontu, culóidh siad, beidh imní orthu agus tiocfaidh athruithe tobanna ar a mothúcháin. Tá féinchoincheapa diúltacha agus lagmheas ar roinnt daltaí a bhfuil suaitheadh

mothúchánach orthu agus/nó a bhfuil fadhbanna iompraíochta acu. Sa seomra ranga, seans nach mbeidh daltaí ag díriú isteach ar chúraimí go minic agus seans go mbeidh drochthionchar acu ar fhoghlaim roinnt daoine eile. Seans go mbeidh fadhbanna ag daltaí ag obair i ngrúpaí agus le caidrimh a bhunú. Seans go mbeidh daltaí ionsaitheach i leith daoine eile



nó nach mbeidh siad sásta comhoibriú leo.





## Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Is fearr a oibríonn na daltaí seo i dtimpeallachtaí eagraithe, struchtúrtha, ina bhfuil na hábhair agus an trealamh socraithe go néata agus curtha i láthair ar bhealach lena bhfuil na daltaí ag súil.
- Tá sé tábhachtach caidreamh maith a bhunú atá bunaithe ar mhúinín. Bí báúil.
- Tabhair lipéad ar an iompraíocht agus ní ar an dalta.
- Nuair is gá, ná tabhair aird ar aon iompar nach mbaineann go díreach leis an ngníomh atá ar siúl.
- Déan cinnte go bhfuil an curaclam ag an leibhéal oiriúnach do chumas agus do shuimeanna na ndaltaí, leibhéal inar féidir leo bheith rathúil.
- Bain úsáid as ráitis dhearfacha in ionad ráitis dhiúltacha (m.sh. 'Cuir suas do lámh más mian leat rud éigin a rá' seachas 'ná bí ag caint').
- Coinnigh ráitis a bhaineann le hiompar chomh soiléir agus chomh simplí agus is féidir. Ná tabhair a lán orduithe ag an am céanna.
- Abair 'go raibh maith agat' le cur i dtuiscint nach bhfuil tú ag súil le haon rud eile ach go ndéanfaidh an dalta an rud atá ag teastáil (m.sh. 'Breathnaigh an treo seo, go raibh maith agat').
- Faigh aird an dalta ar dtús, ansin lean ort leis an treoir [m.sh. 'A Shéamusín,' (stop agus fan go bhféachfaidh an dalta ort) 'suigh síos le do thoil'].
- Bain feidhm as gnáthaimh chainte a bhaineann le treoracha comónta. Seo a leanas roinnt samplaí: 'Ceithre chos ar an urlár' – le go mbeidh daltaí ina suí i gceart, le ceithre chos na cathaoireach ar an urlár; 'Lámha suas má tá tú ag éisteacht' – chun na daltaí ar fad a chur ag éisteacht arís i ndiaidh obair ghrúpaí.
- Roghnaigh rialacha agus torthaí go cúramach agus cuir i bhfeidhm go seasta iad. Is féidir leat rialacha i gcomhair iompraíochta sa seomra ranga a chruthú trí rudaí a phlé le daltaí, agus ansin iad a thaispeáint i slí atá éasca le tuiscint. Ceangail leideanna amhairc le rialacha an tseomra ranga chun cabhrú le daltaí a bhféadfadh deacrachtaí litearthachta breise a bheith acu.
- Ceap plean bainistíochta iompraíochta aonair i gcomhair le tacaíocht ón bhfoireann ildisciplíneach. Go hidéalach, b'fhearr go mbeadh an dalta páirteach sa phleanáil seo.
- Cuir straitéisí fóna ceartaithe i bhfeidhm, mar shampla, tréimhse 'amuigh' nó gan gnáth-phribhléidí a cheadú.
- Cuir leagan amach struchtúrach ar fáil ar na gníomhaíochtaí teagaisc/foghlama.
- Cinntigh go mbeidh rogha an dalta san áireamh i rith na gceachtanna
- Is gá soiléiriú a lorg go rialta ón dalta maidir leis an tasc atá le déanamh, chun a chinntiú go dtuigeann an dalta cad atá ar siúl i gcaitheamh an cheachta.
- Cruthaigh deiseanna ionas gur féidir leis an dalta iompar dearfach a léiriú.



## CUID 4: Suaitheadh Mothúchánach agus/nó Fadhbanna Iompraíochta

- ◊ Díriú fuinneamh/iompar an dalta ar ghníomhaíochtaí atá níos dearfaí, nuair is gá.
- ◊ Múin scileanna sóisialta go soiléir agus tabhair deiseanna do na daltaí níos mó a fhoghlaim maidir lena gcuid mothúchán agus mothúcháin daoine eile. Seans go mbeidh na straitéisí seo úsáideach chuige seo: rólghlacadh, plé ranga, sampla-aithris, fadhbréiteach cognaíoch agus Am Ciorcail.
- ◊ Cothaigh atmaisféar tacúil sa seomra ina bhfuil meas ar na daltaí ar fad.
- ◊ Ná bí ionsaitheach le daltaí agus tú ag déileáil leo
- ◊ Cabhraigh le daltaí spriocanna a leagan síos chun a gcuid iompraíochta a fheabhsú. Tabhair deiseanna rialta do dhaltaí plé agus measúnú a dhéanamh ar a ndul chun cinn.
- ◊ Téigh i mbun oibre le do chomhghleacaithe chun plean iompraíochta ar fud na scoile a fhorbairt. Bunaigh an plean seo ar an tuiscint go bhfuil cearta ar gach duine mar aon le freagrachtaí agus bíodh rialacha, gnáthaimh agus iarmhairtí soiléire ag baint leis an bplean.
- ◊ Tabhair faoi deara nuair atá iompar an dalta go maith agus tabhair aitheantas chomhsheasmhach d'iompar oiriúnach, ag baint úsáide as moladh, pointí srl. Tugann an tábla seo samplaí d'fhraásaí is féidir a úsáid chun daltaí a mholadh; is frásaí iad freisin is féidir a thabhairt do dhaltaí chun moladh a thabhairt dá chéile.

### A lán slite chun a rá gur éirigh go maith leat.

<p><b>Go hiontach!</b> <b>Ar fheabhas!</b> <b>Thar barr!</b> <b>Thar cionn!</b> <b>Conas a rinne tú é sin?</b> <b>Tá sé sin níos fearr!</b> <b>Táim an-tógtha leis sin!</b> <b>Rinne tú obair den scoth inniu!</b> <b>Tá éacht déanta agat!</b> <b>B'iontach an rud a rinne tú ansin!</b> <b>Tá sé go hiontach gur féidir liom brath ort!</b> <b>Tá an rogha ceart déanta ansin agat!</b> <b>Tugaim faoi deara an feabhas atá ort</b> <b>Nach iontach an rud é nuair a oibríonn gach rud amach</b> <b>Rinne tú thar barr ansin</b> <b>Níl do shárú le fáil</b> <b>Sin é é!</b> <b>Maith thú!</b> <b>Tá tú ag feabhsú gach lá</b></p>	<p><b>Iontach!</b> <b>Is fearr é anois ná riamh</b> <b>Bhí a fhios agam go mbeifeá in ann é a dhéanamh!</b> <b>Lean ort ag obair, tá sé ag éirí níos fearr!</b> <b>Tá ag éirí go hiontach leat!</b> <b>Tá tú ag obair an-chrua inniu!</b> <b>Sin an chaoi lena dhéanamh!</b> <b>Iarracht mhaith! Lean ort le d'iarracht!</b> <b>Is tú an dalta is fearr atá agam!</b> <b>Ní choinneoidh tada anois tú!</b> <b>Tá leat anois!</b> <b>Tá tú an-mhaith aige sin!</b> <b>Is cinnte go ndearna tú an-obair inniu!</b> <b>Táim chomh bródúil asat!</b> <b>Tá tú ag foghlaim go tapa!</b> <b>Tá sé agat!</b> <b>Tá sin go maith!</b></p>
--	---



<p>Táim sásta tú a fheiceáil ag obair mar sin Ba chóir duit a bheith bródúil as an dea-obair</p> <p>Tá tú ag foghlaim go leor Is mór an feabhas é sin Ar fheabhas ar fad! Tá sé oibrithe amach agat anois! Thar barr! An-jab déanta agat ansin! Tá tú ag obair an-tapa inniu! Sin é! D'oibrigh tú amach an-tapa é Chuimhnigh tú! Tá an-fheabhas ag teacht ort! Ceapaim go bhfuil sé agat anois Obair den scoth! Is maith liom é sin! Ní fhéadfainn é a dhéanamh níos fearr mé féin</p> <p>Anois, sin jab den scoth Rinne tú go han-mhaith ansin Comhghairdeas Obair den scoth a bhí ansin! Díreach ceart! Éachtach! Sin an ceann is fearr fós! Is maith a chuimhnigh tú air! Níor chaill tú oiread is rud amháin! Comhghairdeas leat! Tá sé déanta agat! Is dócha go raibh tú ag cleachtadh Maith thú! Is céim sa treo ceart é sin! Tá tú ag dul sa treo ceart anois! Sin an-obair uait ansin! Rinne tú an t-uafás oibre inniu Tá an ceart agat!</p>	<p>Tá sé agat ansin anois Sin an chaoi An-mhaith – seo luach do shaothair Tá sé agat anois! Sin comhoibriú den scoth a chailíní/a bhuachaillí! Is iontach an fhoireann sibh! Tá ag éirí go maith leat ansin Go hiontach ar fad! An-obair agat ansin! Tá dul chun cinn iontach á dhéanamh agat! Sin chomh maith agus a rinne tú riamh! Tá tú ag déanamh go maith! Lean ort! Tá sé sin an-deas! Wow! Coinnigh ort leis an obair den scoth I bhfad níos fearr! Maith thú! An-smaoineamh! Tá an ceart ar fad agat! Iontach! An-deas ar fad Níl stró ort leis sin An-mhaith! Bhí sé sin go hiontach! Ar fheabhas! Tá an obair sin an-deas! Maith an cailín/buachaill Tá gach rud ceart agat Tá an obair seo go hálainn Maith thú Táim an-sásta leis an obair seo Comhghairdeachas!</p>
--	---



## Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Barrow, G., Bradshaw, E. agus Newton, T. (2001), *Improving Behaviour and Raising Self-Esteem: A Practical Guide to Using Transactional Analysis*, Londain: David Fulton Publishers.
2. Cowley, S. (2003) *Getting the Buggers to Behave 2*, Londain: Continuum.
3. Hook, P. agus Vass, A. (2004) *Behaviour Management Pocketbook: A Pocketful of Tips, Tools and Techniques for Creating Calm Classes and Focused Co-operative Students*, Arlesford, Hampshire: Teachers' Pocketbooks.
4. McCarthy, E., Moloney, M. agus Quigley, U. (2007) *What Difference: Working Effectively with Children who have Special Needs in Early Years Settings*, Luimneach: An tAonad Forbartha Curaclaim, Coláiste Mhuire gan Smál agus Coiste Chúram Leanáí Luimnigh.
5. O'Brien, T. (1998) *Promoting Positive Behaviour*, Londain: David Fulton Publishers.
6. Rogers, B. (2004) *Behaviour Recovery*, Londain: Paul Chapman Publishing.
7. Rogers, B. (2006) *Classroom Behaviour: A Practical Guide to Effective Teaching, Behaviour Management and Colleague Support* (2ú eagr.), Londain: Paul Chapman Publishing.
8. Rogers, B. (2007) *Behaviour Management: A Whole-School Approach* (2nd edn), London: Paul Chapman Publishing.
9. Rogers, B. agus McPherson, E. (2008) *Behaviour Management with Young Children: Crucial First Steps with Children 3 – 7 Years*, Londain: SAGE.
10. Tá liosta ag an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta (STOS) de láithreáin gréasáin sheachtracha a bhaineann le suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompair agus bainistíocht iompair, láithreán gréasáin: <http://www.sess.ie/>
11. Tá moltaí ag an gComhairle Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas (CNTO) maidir Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a úsáid le daltaí a bhfuil fadhbanna shuaitheadh mothúchánach agus/nó iompair orthu, láithreán gréasáin: <http://www.ncte.ie/>

